



Donegal Culture and Language

April Newsletter


Fáilte



Fáilte go dtí ár nuachtlitir i mí Aibreáin, ag taispeáint an obair atá á déanamh ag ár gclubanna ar fud an chontae.

Welcome to our April newsletter, showcasing the work being carried out by our clubs across the county.





Sa chéad dul síos, tógann cinntí dochta daingne chun an Ghaeilge a chur chun cinn i mbealaí bríocha éifeachtacha trí imeachtaí éagsúla a chur sa tsiúl. Ceapadh Oifigeach nua Cultúrtha agus Teanga i mí Fheabhra seo chuaigh thart. Cuireadh fo-choiste Culúrtha agus Teanga ar bun, tá seachtar ball gníomhach sa fo-choiste seo, a mbíonn cruinnithe acu uair in aghaidh na coicise.



Cruthaíodh grúpa nua WhatsApp le haghaidh bealach cumarsáide maith a chur ar fáil do bhaill an fo-choiste.

Dearadh suaitheantas breise don Chlub a úsáidtear le haghaidh imeachtaí cultúrtha agus teanga a chur sa tsiúl, le híomhánna breise air de chlárseach, d'aghaidheanna fidil agus leis an fhocal 'Scór' scríofa air. I lár an tsuaitheantais, tá bolgán cainte le híomhánna de cheithre shiombal ársa na triscéile chun a mheabhrú go gach aon duine gur leosan an Ghaeilge.

Dearadh páipéar ceannchlóite a úsáidtear le haghaidh scéala an fo-choiste a scaipeadh i measc bhaill an chlub agus daoine nach iad.

Mar thaighde sular cuireadh ranganna Gaeilge de chuid an Chlub ar siúl, chuathas i mbun chomhairle Oifigigh Phleanála

Teanga de chuid Limistéir Phleanála Teanga Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall. Go gairid ina dhiaidh sin, tosaíoch ranganna Gaeilge trí Zúm do dhaoine fásta, uair in aghaidh na seachtaine, le hionchur ó dhaoine áitiúla le linn na ranganna, ag insint faoi stair na háite agus ag seinm dreasanna ceoil san áireamh.


I gcomhar le comhoibriú suntasach múinteoirí bunscoile áitiúla (4 cinn), eagraíodh taispeántais cheoil, aithriseoireachta agus damhsa do cheiliúradh Lá 'le Pádraig; scaipeadh físeáin díobh siúd ar leathanach Facebook an Chlub.

Oíche 'le Pádraig, i ndiaidh poiblíochta chuí, tionóladh Tráth na gCeist fíorúil trí Zúm do theaghlaigh agus do bhaill an chlub, le ceisteanna as Gaeilge san áireamh.

Úsáideann Cathaoirleach an Chlub an Ghaeilge go cumasach agus é i mbun cruinnithe coiste feidhmiúcháin an Chlub a reachtáil, ag tús agus ag deireadh na gcruinnithe.

Tugann an tOifigeach Cultúrtha agus Teanga tuairisc dhátheangach ó bhéal ag gach aon cheann de na cruinnithe coiste feidhmiúcháin.

Súil agam go mbeidh sé seo cuí don nuachtlitir. Tá grianghrafanna ceangailte thíos.



Gabhaimid buíochas le CLG Bhaile na nGallóglach as a gcuidiú le nuachtlitir na míosa seo